Curaclam Thuaisceart Éireann

Eochairchéim 1 **Blianta 3 & 4**

Gach Cineál Aimsire

fócas

Déanfaidh na páistí an aimsir áitiúil a fhiosrú agus a bhreathnú agus beidh léirthuiscint acu uirthi. Cuirfidh siad a n-eispéiris féin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le heispéiris daoine as tíortha eile agus gheobhaidh siad amach faoin tionchar a bhíonn ag aimsir fhoircneach.

Na hEalaíona

- na cineálacha aimsire a léirítear i bpictiúir nó i bpíosaí ceoil
- ceol, fuaim agus pictiúir a úsáid leis an aimsir a léiriú
- fonn na haimsire: dath, fuaim agus uigeacht

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- an dóigh a dtéann an aimsir i bhfeidhm ar mhothúcháin agus ar bhraistintí
- cúrsaí sábháilteachta i gcineálacha éagsúla aimsire
- ullmhú le haghaidh am súgartha in aimsir fhliuch
- cultúir agus traidisiúin in aeráid eile

An Domhan Thart Orainn

- athrú le himeacht ama
- suíomh

Corpoideachas

- freagairt do cheol ar bhealach cruthaitheach
- fonn, mothúcháin agus smaointe a chur in iúl le damhsa
- sraitheanna gluaiseachta

Clár

Is é atá sa leabhrán SFN seo:

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- Na hEalaíona 3
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint 7
- An Domhan Thart Orainn 11
- Corpoideachas 15

Cur le Forbairt Scileanna:

- Cumarsáid 19
- Úsáid na Matamaitice 19
- Úsáid TFC 19
- Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta 20

Áiseanna Molta 21

fócas

Déanfaidh na páistí an aimsir áitiúil a fhiosrú agus a bhreathnú agus beidh léirthuiscint acu uirthi. Cuirfidh siad a n-eispéiris féin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le heispéiris daoine as tíortha eile agus gheobhaidh siad amach faoin tionchar a bhíonn ag aimsir fhoircneach.

Na hEalaíona

- na cineálacha aimsire a léirítear i bpictiúir nó i bpíosaí ceoil
- ceol, fuaim agus pictiúir a úsáid leis an aimsir a léiriú
- fonn na haimsire: dath, fuaim agus uigeacht

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Tá Stoirm Air

Cuspóirí Molta Foghlama

- A thuiscint gur féidir fuaimeanna a dhéanamh ar dhóigheanna éagsúla.
- A thuiscint gur féidir le fuaimeanna fonn agus atmaisféar a chur in iúl.
- A bheith ábalta uirlisí simplí a sheinm.
- A thuiscint gur féidir fuaimeanna a chur in iúl le pictiúir agus patrúin.
- Tosú ar thuiscint a fhorbairt ar ghnéithe an cheoil (fuaimeanna glóracha/ciúine, gasta/fadálacha, fada/gearra agus arda/ísle).

Gníomhaíochtaí Molta

Plé a dhéanamh ar fhocail a chuireann síos ar an aimsir. Fuaimeanna ó bhéal agus fuaimeanna coirp a fhiosrú le gach cineál aimsire a léiriú. Fuaimeanna gearra leantacha (staccato) a thriail le clocha sneachta nó fearthainn a léiriú. Fuaimeanna marthanacha (legato) a thriail le fuaim na gaoithe a léiriú.

Plé a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le haimsir stoirmeach (fearthainn, gaoth, tintreach, toirneach). Focail fuaime agus ghníomhaíochta a chuireann síos ar gach gné den aimsir stoirmeach a phlé. Gluaiseachtaí a phleanáil agus a chur i láthair le gach ceann de na gnéithe seo a léiriú agus focail fuaime agus ghníomhaíochta in úsáid acu. Roinnt cnaguirlisí a thriail le fuaimeanna fada/gearra agus glóracha/ciúine a dhéanamh le cur leis na gluaiseachtaí. Gach gné de ghluaiseachtaí in aimsir stoirmeach a nascadh le chéile, agus iad ag obair ina n-aonar agus ina ngrúpaí beaga, le sraith iomlán a chur i láthair agus cnagadh in úsáid acu de réir mar is cuí. Machnamh a dhéanamh ar na gluaiseachtaí, iad a mheas agus an tsraith iomlán a bheachtú.

Na cineálacha éagsúla fearthainne a phlé – ceobhrán, cith, díle. Gach cineál fearthainne a léiriú le fuaimeanna coirp:
- tosú le smeachadh méar;
- bogadh ar aghaidh go dtí bualadh bos; agus
- greadadh cos, ag éirí níos callánaí agus níos gasta.
Na rudaí seo a dhéanamh in ord droim ar ais chomh maith, le píosa iomlán a dhéanamh a bhfuil dinimic agus athruithe luais le cluinstin ann.

Uirlisí a dhearadh agus a chruthú leis na cineálacha éagsúla aimsire a léiriú. Mar shampla, piseanna a chur i mbuidéal plaisteach leis an fhearthainn a léiriú, píosa tiubh cairtchláir a chroitheadh le toirneach a léiriú. Fuaimscéalta agus scóir phictiúrtha a chumadh agus a thaifeadadh le haghaidh 'Siúlóid san Fhearthainn' nó 'Siúlóid Lá Gaofar'. Gach rud a bheadh i gceist leis an chineál sin aimsire a léiriú, mar shampla, slodáin ar an talamh, nó daoine ag rith. Plé a dhéanamh ar theicnící maidir le hathrú dinimice a chur in iúl, mar shampla, bheadh fuaim níos airde i gceist le deora móra fearthainne agus le slodáin móra. An scór a chur i láthair agus plé a dhéanamh ar na dóigheanna a bhféadfaí na saothair cheoil a fheabhsú.

Focail agus frásaí (fuaimfhoclaíocht nó uaim) a chuireann atmaisfeár ar leith in iúl a fhiosrú. Pictiúr focal a dhéanamh le cur síos ar chineálacha éagsúla aimsire.

Soineann nó Doineann

Cuspóirí Molta Foghlama

- Tuiscint a bheith acu ar shaothar ealaíontóirí éagsúla.
- Tosú ar thuiscint a fhorbairt ar an dóigh ar féidir maisíochtaí a chruthú trí dhath a úsáid.
- Tosú ar thuiscint a fhorbairt ar an dóigh ar féidir éifeacht a chruthú trí theicnící péintéireachta éagsúla a úsáid.

Gníomhaíochtaí Molta

Áiseanna éagsúla traidisiúnta agus/nó digiteacha a úsáid le cnuasach grianghraf nó íomhánna gluaiste den spéir a dhéanamh. Na híomhánna a chur i láthair agus a phlé.

Amharc ar phictiúir a léiríonn an spéir ar bhealaí éagsúla, mar shampla, 'Seascape at Sainte Marie' le Vincent Van Gogh, agus plé a dhéanamh ar an dóigh ar chruthaigh an t-ealaíontóir na maisíochtaí.

- Cén dóigh ar chuir an t-ealaíontóir an phéint ar an chanbhás?
- An féidir rian na scuaibe a fheiceáil?
- Cad iad na dathanna a úsáideadh?
- An ndearnadh na dathanna a chumasc le chéile?

Radharc spéire áirithe a roghnú (spéir dhearg, spéir stoirmeach, an spéir san oíche). Dathanna cuí a roghnú leis an spéir a léiriú. Teicnící éagsúla péintéireachta a thriail, mar shampla, dathanna a chumasc agus a fhorluí. An saothar a chur ar taispeáint agus plé a dhéanamh ar an dóigh ar cruthaíodh na dathanna nó na maisíochtaí éagsúla. Súil siar a chaitheamh ar na modhanna a úsáideadh.

A bheith páirteach i seisiún 'amharc agus tarraing' maidir leis an aimsir, in iarsmalann nó i ngailearaí.

fócas

Déanfaidh na páistí an aimsir áitiúil a fhiosrú agus a breathnú agus beidh léirthuiscint acu uirthi. Cuirfidh siad a n-eispéiris féin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le heispéiris daoine as tíortha eile agus gheobhaidh siad amach faoin tionchar a bhíonn ag aimsir fhoircneach.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- an dóigh a dtéann an aimsir i bhfeidhm ar mhothúcháin agus ar bhraistintí
- cúrsaí sábháilteachta i gcineálacha éagsúla aimsire
- ullmhú le haghaidh am súgartha in aimsir fhliuch
- cultúir agus traidisiúin in aeráid eile

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

An bhFuil Tú Ullmhaithe don Aimsir?

Cuspóirí Molta Foghlama

- An fáth a gcaithfidh siad iad féin a chosaint ar an aimsir a thuiscint.
- Rialacha agus straitéisí simplí sábháilteachta lena gcosaint ar an aimsir a fhorbairt agus a chur i láthair.

Gníomhaíochtaí Molta

Plé a dhéanamh ar dhóigheanna le muid féin agus leis an timpeallacht a chosaint ar aimsir fhoircneach, mar shampla, uachtar gréine a úsáid in aimsir the, cóta fearthainne a chaitheamh in aimsir stoirmeach, gan foirgneamh a thógáil ar thuilemhánna, grean a chur ar na bóithre nuair a bhíonn sioc ann. Áiseanna éagsúla traidisiúnta agus/nó digiteacha a úsáid le taighde a dhéanamh ar fheachtais maidir le sábháilteacht faoin ghrian nó le tuilte a chosc. An fhaisnéis a chur i láthair i bhformáid aontaithe agus í a chur ar taispeáint.

Bogearraí TFC amhail 'Lorg Lapa' a úsáid le póstaer a dhéanamh le haird a dhíriú ar chúrsaí sábháilteachta in aimsir fhoircneach, mar shampla, ar lá te grianmhar. Tagairt a dhéanamh don fheachtas 'Slip, Slap, Slop'.

Scéalta faoin aimsir a aimsiú agus éisteacht leo, mar shampla, 'An Ghrian agus an Ghaoth' (Fabhalscéalta Aesop). An teachtaireacht sa scéal a fhiosrú agus a phlé.

Ligean do na páistí cótaí fearthainne, buataisí uisce srl a chaitheamh ar scoil. An leabhar 'Ag Dul ar Scoil' le Judy Ling a léamh leis na páistí. Plé a dhéanamh faoi na héadaí cearta a chaitheamh. Plé a dhéanamh ar an ráiteas: Níl drochaimsir ann, ach drochéadaí!



Ní hé Lá na Báistí Lá na bPáistí!

Cuspóirí Molta Foghlama

- Mothúcháin agus tuairimí daoine eile a aithint agus freagairt dóibh.
- An dóigh ar féidir leo cur le pobal na scoile a aithint.

Gníomhaíochtaí Molta

Plé a dhéanamh ar cad é a tharlaíonn ar scoil nuair a bhíonn sé fliuch ag am súgartha. Cén dóigh a mothaíonn daoine agus cad é a dhéanann na páistí agus an fhoireann? Ceistneoir simplí a dhéanamh le smaointe a fháil maidir le cad é ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn sé fliuch ag am súgartha agus iarraidh ar na páistí eile sa scoil é a chomhlánú.

Dóigh chuí a roghnú le torthaí an cheistneora a chur i láthair agus bogearraí TFC amhail 'Starting Graph' nó 'Numberbox 2' in úsáid acu. Dóigheanna leis an eolas a chur i láthair a phlé (picteagraim, póstaeir).

Torthaí an taighde a phlé. Dóigheanna a mholadh a d'fheabhsódh na rudaí a tharlaíonn nuair a bhíonn sé fliuch ag am súgartha.

Plé a dhéanamh ar na rudaí a dhéanann daoine agus ar na rudaí a tharlaíonn ar scoil nuair a bhíonn sé grianmhar. Cad chuige a mothaímid difriúil nuair a bhíonn sé te agus grianmhar?

An úsáideann páistí uachtar gréine? Plé a dhéanamh ar cad chuige a n-úsáidtear uachtar gréine. Suirbhé a dhéanamh lena fháil amach cé a úsáideann uachtar gréine faoin ghrian agus cé a chaitheann hata. Áiteanna faoi scáth a aimsiú thart faoin scoil ina bhféadfadh siad súgradh lá gréine. TFC a úsáid leis an eolas a thaifeadadh agus a chur i láthair. An t-eolas a chur ar taispeáint ar chlár fógraí sa scoil.

Úsáid a bhaint as an leabhar 'Seo Í Mo Scoil' ag Unicef, a léiríonn scoileanna éagsúla i dtíortha éagsúla. An leabhar 'Am Spraoi' ag Oxfam a léamh le plé a dhéanamh ar chluichí agus ar shúgradh i dtíortha éagsúla agus ar an dóigh a bhfuil tionchar ag an aimsir ar an súgradh.



Dea-aimsir nó Drochaimsir?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Tuiscint a bheith acu gur cuid de shaol an duine iad na mothúcháin agus gur rudaí nadúrtha tábhachtacha folláine iad.
- Tosú ar a gcuid mothúchán agus braistintí féin a aithint, a ainmniú agus a láimhseáil.

Gníomhaíochtaí Molta

Labhairt ar na mothúcháin is féidir a bheith i gceist i gcásanna éagsúla. Plé a dhéanamh ar an tionchar is féidir a bheith ag an aimsir ar an dóigh a mothaímid. Dialann mothúchán a dhéanamh agus bogearraí TFC amhail 'Slideshow' in úsáid acu. An aimsir agus an dóigh a mothaíonn siad a thaifeadadh gach lá. Na sleachta dialainne a mheas agus treochtaí ar bith a shainaithint. Plé a dhéanamh ar dhóigheanna ar féidir linn an dóigh a mothaímid a athrú agus a bheith níos dearfaí.

Éisteacht leis an leabhar 'Thunder Cake' le Patricia Polacco nó é a léamh, agus plé a dhéanamh ar na mothúcháin agus na freagairtí i bhíonn i gceist ar ghnáthlá scoile, mar shampla:
- Tús an lae: tá sé te agus grianmhar.
- Am sosa: tá se ag cur agus cuireadh am súgartha ar ceal.
- Am dul abhaile: tá sé fliuch agus gaofar agus caithfidh siad siúl abhaile.
Plé a dhéanamh ar cad é mar a mhothódh siad agus ar cén dóigh a bhfreagródh siad do na rudaí thuas. Fáthanna féideartha leis na mothúcháin agus na freagairtí éagsúla a phlé.

Dán a chumadh nó pictiúr a tharraingt, ina gcuirfidh siad iad féin i gcomparáid le cineál aimsire ar leith. Réamhaithris a dhéanamh ar cén cineál aimsire a roghnódh na páistí eile sa rang. A smaointe a roinnt lena chéile.



fócas

Déanfaidh na páistí an aimsir áitiúil a fhiosrú agus a breathnú agus beidh léirthuiscint acu uirthi. Cuirfidh siad a n-eispéiris féin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le heispéiris daoine as tíortha eile agus gheobhaidh siad amach faoin tionchar a bhíonn ag aimsir fhoircneach.

An Domhan Thart Orainn

- athrú le himeacht ama
- suíomh

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Corpoideachas

Gach Cineál Aimsire

Cuspóirí Molta Foghlama

- Ciall d'áit a fhorbairt.
- Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir a dtimpeallacht féin agus timpeallacht chodarsnach a thuiscint.
- A bheith eolach ar roinnt daoine cáiliúla, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

Gníomhaíochtaí Molta

Cártaí poist agus grianghraif ó thíortha ar bith ar thug siad cuairt orthu a bhailiú. Plé a dhéanamh ar chosúlachtaí agus éagsúlachtaí ar bith idir an aeráid againn féin agus an aeráid sa ghrianghraf. Na háiteanna seo a fhiosrú agus bogearraí TFC amhail 'Oxford English Atlas' nó 'Trudy's Time or Place' in úsáid acu. Na híomhánna a mheaitseáil leis na tíortha áirithe ar léarscáil.

Plé a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus na spóirt a bhaineann le tíortha a bhfuil aeráid chodarsnach acu. Tír a roghnú agus taighde a dhéanamh ar an aeráid agus ar na gníomhaíochtaí is coitianta ann. Cárta poist a dhearadh bunaithe ar an eolas a bhailigh siad agus bogearraí TFC amhail 'Lorg Lapa' in úsáid acu. Cóip den chárta poist a phriontáil agus cur síos a scríobh ar an tsaoire a bhí acu sa tír sin (sonraí faoin aimsir san áireamh).

Tuilleadh eolais a fháil amach faoi dhaoine cáiliúla san am i láthair agus san am a chuaigh thart a thug aghaidh ar aimsir fhoircneach, mar shampla, Ellen MacArthur nó Scott an Antartaigh.

Timthriall na hAimsire

Cuspóirí Molta Foghlama

- Triail chothrom a aithint.
- Breathnuithe pearsanta a dhéanamh agus sonraí príomhúla a bhailiú.
- Ábhair a ghrúpáil de réir na n-airíonna acu.
- Rudaí a chur i dtoll a chéile, a athchóiriú agus dóigheanna éagsúla le hábhair a cheangal a thriail.
- Réada agus samhlacha simplí a dhearadh agus a dhéanamh.
- Cúiseanna agus iarmhairtí a bhaineann le hathrú séasúrach a shainaithint.

Gníomhaíochtaí Molta

Ransú smaointe a dhéanamh ina ngrúpaí ar fhocail a chuireann síos ar na séasúir. Ligean do na páistí taighde a dhéanamh ar an aimsir ag baint úsáide as suíomh MET Éireann, nó leabhair amhail 'Seo an Eolaíocht: Aimsir' le Sally Hewitt, mar shampla. Bogearrai TFC amhail 'Through My Window' a úsáid le plé a spreagadh maidir leis an dóigh a n-athraíonn an timpeallacht áitiúil le linn gach séasúir. An t-eolas a bailíodh a chur i láthair, trí roth séasúr a dhéanamh, mar shampla.

An dóigh a dtéann an aimsir i bhfeidhm orainn le linn na séasúr éagsúil a shainaithint. Plé a dhéanamh ar na héadaí a chaitheann siad lena gcoinneáil te, tirim agus sábháilte agus iad ag dul ar scoil. Roinnt éadaí éagsúla a bhailiú agus na h-airíonna éagsúla acu a thástáil. Micreascóp digiteach a úsáid le breathnuithe a thaifeadadh agus a chur i láthair daoine eile. Na torthaí a shórtáil agus a thaifeadadh de réir a oiriúnaí atá na héadaí do na séasúir éagsúla, agus iad a chur i láthair i bhfoirm ghrafach.

Ball éadaigh cithdhíonach a dhearadh agus a dhéanamh.

Cad é Mar Atá an Aimsir?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Ciall d'áit a fhorbairt.
- Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir a dtimpeallacht féin agus timpeallacht chodarsnach a thuiscint.
- A bheith eolach ar roinnt daoine cáiliúla, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

Gníomhaíochtaí Molta

Ransú smaointe a dhéanamh ar an ghá atá le réamhaisnéis na haimsire – cé a bheadh ag brath ar an eolas seo agus cad chuige?

An aimsir áitiúil a bhreathnú agus a phlé. Siombailí a chruthú leis na cineálacha éagsúla aimsire a léiriú, mar shampla, grian, fearthainn, scamall. Sonraí faoin aimsir a bhailiú agus a thaifeadadh agus bogearraí TFC amhail 'Counting Pictures', 'Pick a Picture', nó 'Starting Graph' in úsáid acu (formáid chuí a roghnú leis na torthaí a chur i láthair).

Amharc ar shleachta ón réamhaisnéis aimsire ó shuíomh TG4, mar shampla, foclaíocht agus téarmaíocht úr a shainaithint agus plé a dhéanamh orthu. Ról an láithreora a ghlacadh agus réamhaisnéis aimsire áitiúil a chur i láthair. An réamhaisneis a thaifeadadh le físcheamara nó le bogearraí TFC amhail 'Slideshow'.

Fiosrú faoi nathanna cainte nó na rudaí a chreideann daoine faoin aimsir a thuar ('Cothú na doininne soineann na hoíche'). An féidir a bheith ag brath ar an chineál seo réamhaisnéise?

Na gnásanna a bhaineann leis an aimsir i dtíortha eile a fhiosrú. Agallamh a chur ar dhaoine aosta sa phobal maidir leis na cuimhní atá acu ar an aimsir san am a chuaigh thart.







fócas

Déanfaidh na páistí an aimsir áitiúil a fhiosrú agus a bhreathnú agus beidh léirthuiscint acu uirthi. Cuirfidh siad a n-eispéiris féin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le heispéiris daoine as tíortha eile agus gheobhaidh siad amach faoin tionchar a bhíonn ag aimsir fhoircneach.

Corpoideachas

- freagairt do cheol ar bhealach cruthaitheach
- fonn, mothúcháin agus smaointe a chur in iúl le damhsa
- sraitheanna gluaiseachta

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Le Sioc is le Síon

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith ábalta gluaiseacht ar bhealach rialaithe, ar luasanna éagsúla agus i dtreonna éagsúla, ag úsáid leibhéal agus láidreachtaí éagsúla.
- A bheith ábalta freagairt mar is cuí do réimse spreagthach agus tionlacan.
- A bheith ábalta sraitheanna simplí gluaiseachta a chruthú, a chleachtadh, a chur i láthair agus cuimhneamh orthu.
- Gluaiseachtaí a fhorbairt ina n-aonar agus ina bpéirí.
- A bheith ábalta labhairt faoina ngluaiseachtaí féin agus faoi ghluaiseachtaí daoine eile.
- Tuiscint a bheith acu ar a bhfuil i gceist maidir le cur i láthair maith.
- A bheith ábalta tascanna a chur i gcrích go sábháilte.

Gníomhaíochtaí Molta

Moltar duit na gníomhaíochtaí sa dá rannán An Domhan Thart Orainn agus Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint a chur i gcrích sula dtabharfaidh tú faoi na gníomhaíochtaí Corpoideachais thíos.

'Taisteal' agus 'Cruth Coirp' a úsáid mar théama agus mar spreagthach le réimse gluaiseachtaí a bhaineann leis an aimsir a fhorbairt agus a chleachtadh.

Focail ghníomhaíochta a phlé le cur síos ar na gluaiseachtaí atá i gceist le stoirm (guairneáil, rothlú, síobadh, scuabadh, faoileáil, tolgadh, leagan, tógáil in airde). Cad é mar a d'fhéadfaí na focail seo a chur in iúl le gluaiseachtaí? Píosa ceoil a chuireann stoirm in iúl a úsáid mar spreagthach, mar shampla, píosa as 'Music Express' le Maureen Hanke.

Rith/scipeáil/truslóg a thabhairt i dtreonna éagsúla, le bogadh ar shiúl ón spota draíochta acu agus a shamhlú go bhfuil séideán gaoithe á séideadh go séimh ar ais arís. Casadh a dhéanamh ar a mbealach ar ais dóibh.

Rith i dtreonna éagsúla, amhail is dá mbeadh gaoth níos laídre á séideadh, lámh amháin nó an dá lámh acu ar a gcloigeann, amhail is dá mbeadh siad ag iarraidh greim a choinneáil ar a hata. Stopfaidh siad ar feadh bomaite agus séidfidh an ghaoth i dtreo éigin eile iad. Ansin, séidfidh an ghaoth na hataí díobh agus rachaidh siad sa tóir orthu. Ba chóir dóibh ceithre ghluaiseacht/ghníomhaíocht a chur le chéile le sraith ghearr a dhéanamh.

Éireoidh an ghaoth níos láidre arís; beidh na páistí á séideadh anonn is anall. Séidfidh sí chun talaimh iad – rollfaidh siad i leith a dtaoibh agus léimfidh siad ar a gcosa sula séidfidh an ghaoth go láidir arís. Ba chóir tosú ó staidiúir éagsúla agus ansin, sraith ghearr a chruthú, a chleachtadh agus a athdhéanamh le ceol.

Tintreach agus Toirneach

Cruthanna bioracha coirp a fhiosrú ar leibhéil éagsúla – leibhéal ard, leibhéal íseal agus meánleibhéal. Casadh ar an láthair le gluaiseachtaí bríomhara. Gluaiseacht go bríomhar trí na spásanna, léim a thabhairt le buille an druma, tuirlingt go sábháilte ar a dhá gcos, cruth biorach a dhéanamh lena gcorp, casadh, dul síos ar an urlár, rolladh ar shiúl go cliathánach go dtógfaidh an ghaoth arís iad. Seo a dhéanamh roinnt uaireanta.

Damhsa stoirme a chumadh le ceol agus iad ag obair le páirtí. Socrú ar na gluaiseachtaí is mó a thaitin leo sna sraitheanna tintrí agus toirní agus damhsa gearr a chumadh le ceithre cinn de na gluaiseachtaí seo a nascadh le chéile. Smaointe agus rianta éagsúla a thriail. An tsraith a athdhéanamh agus a chleachtadh agus a chinntiú go bhfuil tús, lár agus deireadh soiléir léi.

Éisteacht go gníomhach lena chéile agus tuairimí a roinnt. Sealaíocht a dhéanamh, smaointe a roinnt agus comhoibriú lena chéile agus sraitheanna damhsa á bhforbairt acu. Smaointe a chur i ngníomh trí ghníomhaíochtaí éagsúla a thriail.

Cuirfidh leathchuid den rang a sraitheanna gluaiseachta i láthair, agus an chuid eile ag amharc orthu agus ag cur a dtuairimí in iúl.

Gníomhaíocht iaraclaíochta: scairfeanna a úsáid agus iad ag gluaiseacht trí na spásanna leis an suaimhneas i ndiaidh na stoirme a chur in iúl. Na scairfeanna a úsáid le béim a chur ar ghluaiseachtaí a lámh agus iad á nguairneáil go bog réidh.

Cur le Forbairt Scileanna

Tá deiseanna ann i ngach réimse den SFN seo eispéiris a chur ar fáil do na daltaí a bheidh ina gcuidiú acu na scileanna a bhaineann le Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta a fhorbairt.

Cumarsáid

- Éisteacht go cúramach agus freagairt mar is cuí i gcomhthéacs na gníomhaíochta.
- Tosú ar smaointe a fhorbairt agus a shoiléiriú trí bheith ag éisteacht le heispéiris daoine eile agus trí éispéiris a roinnt.
- Labhairt faoin mhodh scríbhneoireachta a bheidh in úsáid acu.
- Struchtúr simplí a úsáid.
- Tasc féinroghnaithe nó féinstiúrtha a chur i gcrích go neamhspleách (a bheag nó a mhór).
- Labhairt faoina bhfuil foghlamtha acu ó ábhair léitheoireachta agus ar cad é eile ba mhaith leo a fháil amach.
- Tosú ar smaointe a fhorbairt trí ransú smaointe a dhéanamh.
- A bheith páirteach i ngníomhaíochtaí samhlaíocha.
- Freagairt do cheisteanna den chineál seo a leanas agus tosú ar iad a úsáid: 'cé?', 'cad é?', 'cá háit?', 'cá huair?', 'cad chuige' agus 'cén dóigh?'
- Stór focal atá ag dul i méid a úsáid le smaointe, mothúcháin agus eispéiris a phlé agus a chur in iúl.

Úsáid na Matamaitice

- Dóigheanna éagsúla le rudaí a shórtáil a fhiosrú.
- Modhanna cuí matamaiticiúla a roghnú agus a úsáid (le cuidiú ón mhúinteoir) le torthaí a chur i láthair.
- A léiriú go bhfuil tuiscint acu ar chineálacha éagsúla gluaiseachtaí agus TFC in úsáid acu.
- Gluaiseacht agus treo a fhiosrú agus tuiscint a léiriú ar an dóigh ar féidir uillinn a úsáid le casadh a thomhas. É seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, úsáid TFC san áireamh.
- Labhairt faoin fhaisnéis a chaithfear a bhailiú.
- Faisnéis a bhaineann le hábhar ar leith a bhailiú agus torthaí a thaifeadadh ar dhóigheanna éagsúla, úsáid TFC san áireamh.

Úsáid TFC

- Téacs a chlóscríobh agus eagarthóireacht a dhéanamh air ar scáileán le smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt.
- Íomhánna nó fuaimeanna cuí a roghnú agus téacs agus/nó guthú a chur leo.
- Faisnéis ó fhoinse dhigiteach áirithe a aimsiú, a roghnú agus a úsáid.
- Sonraí a bhailiú agus a iontráil, iad a chur i láthair i bhfoirm ghrafach agus breathnuithe a dhéanamh.
- Sraith treoracha a chur i gcrích agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, agus gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha in úsáid acu.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Eolas a Bhainistiú:
Ceisteanna níos doimhne agus níos fairsinge a chur leis an tasc a shoiléiriú, le pleanáil a dhéanamh agus le spriocanna a leagan amach. Tuiscint a léiriú ar spriocghrúpa agus ar chuspóir. Modhanna a fhorbairt le heolas a bhailiú agus a thaifeadadh agus le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht:
Patrúin agus gaolta a shainaithint. Modhanna, tuairimí agus tátail a mhíniú agus seasamh leo. Tuartha a dhéanamh agus a thástáil. Nasc a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim. Níos mó ná dearcadh amháin a thuiscint. Roghanna a fhiosrú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas. Réitigh mhalartacha agus cineálacha malartacha cur chuige a thriail.

A Bheith Cruthaitheach:
Rudaí a thriail ar dhóigh shúgrach. Fadhbanna a chuardach agus dúshlán an mhodha ghnáthaimh a thabhairt. Na deiseanna a éiríonn as meancóg nó teip a thapú. Tógáil ar a gcuid smaointe agus eispéireas féin agus ar smaointe agus taithí daoine eile, agus na céadfaí uilig in úsáid acu. Dearaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla a thriail. Meas a léiriú ar smaointe daoine eile.

Ag Obair le Daoine Eile:
A bheith ag éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. A bheith freagrach as tascanna agus as róil i ngrúpaí. A bheith ag obair le comhaontuithe a bhaint amach agus ag tosú ar easaontuithe a bhainistiú.

Féinbhainistiú:
A bheith féinstiúrtha trí bheith ag obair leo féin. A bheith ag obair i dtreo spriocanna pearsanta a bhaint amach. Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlama acu agus a gcur chuige a chur i gcomparáid le cur chuige daoine eile. Na dóigheanna a dtiocfadh lena gcuid foghlama a bheith mar an gcéanna/ éagsúil i gcomhthéacsanna éagsúla a shainaithint.

Áiseanna Molta

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Become a World Explorer – Dorling Kindersley

Blackcat Logo

Counting Pictures – Blackcat

Information Workshop – Blackcat

My World for Windows – Dial Solutions

Uimhirbhosca 2 – Blackcat

Oxford Infant Atlas –Sherston

Lorg Lapa – Blackcat

Pioc Pictiúr – Blackcat

Seó Sleamhnán – Blackcat

Starting Graph – Research Machines

Through My Window – Anglia

Trudy's Time and Place House – Iona/Edmark

Suíomhanna Gréasáin Molta

Met Éireann – Eolas agus Quizeanna i nGaeilge
www.met.ie/education/

Abstract And In Colour
www.abstractandincolor.com

Care In The Sun
www.careinthesun.org

Cártaí aimsire agus Quizeanna i nGaeilge
www.scoilnet.com

Climate Change – Environment Canada
www.ec.gc.ca/climate

Friends of the Earth
www.foe.co.uk

Music Express
www.acblack.com/musicexpress

Progress in the Arts
www.nicurriculum.org.uk/microsite/the_arts/

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhair/Ábhair Theagaisc

A Balloon for Grandad Nigel Gray agus Jane Ray (Picture Lions:1990)
ISBN: 0006634915

Am Spraoi Kate Petty
(An Gúm: 2006)
ISBN: 1857916271

Care In The Sun EHSSB resource pack for Schools

Maireachtáil.Foghlaim.Le Chéile. (CCEA)

Kenya (We Come From...) Wambu Kairi
(Raintree:2000)
ISBN: 0817255125

Making and Decorating Your Own Paper
Kathy Blake (Sterling Publishing:1994)
ASIN: B000SF7DZC

Music at Key Stage 2 (CCEA:1999)
ISBN: 1-85885-194-7

Áiseanna Closamhairc (Téacsanna Meán)

Seascape at Sainte Marie Vincent Van Gogh

The Storm: Symphony No 6 (Pastoral) Beethoven

Music Express, Foundation Stage, A&C Black
Rianta 23 (Storm) agus 24 (Stormy sky dance)

The Ride of the Valkyries Wagner

Áiseanna Traidisiúnta ar lean

Leabhair/Ábhair Theagaisc	Áiseanna Closamhairc (Téacsanna Meán)
Paper making Jules Heller (Watson-Guptill:1978) ASIN: B0016DBRUC **Papier Mache** Peter Rush (Farrar Straus and Giroux:1980) ISBN: 0374516111 **Planning for Progress in Art & Design** (CCEA:2000) **Seo an Eolaíocht: Aimsir** Sally Hewitt (An tÁisaonad Lán-Ghaeilge: 2000) ISBN: 1903589029 **Seo Í Mo Scoil** Penny Smith & Sahavit Shalev (Futa Fata & Dorling Kindersley: 2009) ISBN: 9781906907051 **Three Dimensional Papercraft** Hilary Cairns (Search Press:1988) ISBN: 0855326212 **Thunder Cake** Patricia Polacco (Paperstar:1997) ISBN: 0698115813 **Weather Around You: Geography starts here** Angela Royston (Hodder Wayland:2001) ISBN: 0750234865	

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha	Áiteanna ar Fiú Cuairt a Thabhairt Orthu
Ulster Cancer Foundation 42 Ascaill Eglantine Béal Feirste 028 9066 3281 Sun Safe Advice agus Pacáistí Áiseanna	Músaem Uladh An Luibhghairdín Béal Feirste BT9 6TS Teil: 028 9038 3030 www.magni.org.uk

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuasluaite na háiseanna a mhol na múinteoirí a bhí páirteach i bhforbairt an SFN seo. Bhí na suíomhanna molta beo nuair a cuireadh an áis seo i gcló.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning